

BÍ CÚRAMACH FAOI GHUAISEACHA

- Nó gabh isteach i gcóras cóireála choíche toisc go bhféadfadh sé gáis nimhiúla a d'fhéadfadh tú a mharú i gceann nóiméad a scoileadh.
- Guaiseanna eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach le d'umar ná:
 - Ábhar éillithe thart ar an umar é féin.
 - D'fhéadfadh seanchórais nó píobair a bheith éagobhsaí agus i mbaol tífime.
 - Guaiseanna tuisleacha.

FADHBANNA A AITHINT

- D'fhéadfadh sé nach bhfuil d'umar seipteach nó DWWTS eile ag oibriú mar is ceart má:
 - Tá na leithris, folcadáin, doirtil ag draenáil go moill.
 - Tá bolaithe bréana nó linnte d'eisilteach atá cóireáilte i bpáirt ina suí thart ar an talamh cóngarach don chóras.
 - Tá comhartha éilliúcháin i ndíoga nó i sruthchúrsaí cóngaracha.
 - Cé go mb'fhéidir go bhfuil an chuma ann go bhfuil d'umar seipteach ag oibriú mar is ceart gan chothabháil, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith leis fós, m.sh., d'fhéadfadh sé a bheith ag sceitheadh isteach sa screamhuisce.

TUILLEADH EOLAIS

- D'fhéadfadh d'údarás áitiúil d'umar seipteach nó DWWTS eile a roghnú lena iniúchadh. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi sin ón mbileog dar teideal "*Cad le Bheith ag Súil leis ó Iniúchadh ar Umar Seipteach*" (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údarás áitiúil nó www.protectourwater.ie).
- Le heolas a fháil faoin dóigh lena chinntiú go bhfuil do chuid uisce óil sábháilte, féach ar an mbileog "*An bhfuil do Thobar i mBaol ag d'Umar Seipteach*" (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údarás áitiúil nó www.protectourwater.ie).
- Déan cinnte i gcónaí má bhíonn oibreacha á déanamh agat ar do chóras go n-úsáideann tú conraitheoir creidiúnach agus inniúil.
- Má tá tú buartha go bhféadfadh do thobar a bheith éillithe nó i mbaol, ní mór duit tástáil a fháil déanta air. Chun comhairle a fháil maidir le tástáil a fháil déanta ar do thobar uisce déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó Oifigeach Sláinte Chomhshaoil FSS.
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheann ar bith de na ceisteanna sna bileoga sin déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó www.epa.ie.

 **Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil**
Environment, Community and Local Government

 **epa**
Environmental Protection Agency
An tAonad um an tUisce agus an tAer

 **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**
Health Service Executive

AN MÉID IS GÁ A BHEITH AR EOLAS AGAT FAOI D'UMAR SEIPTeach

RÉAMHRÁ

- Braitheann thart ar thrian de na tithe ar fad (500,000) in Éirinn ar chóras cóireála fuíolluisce tís (DWWTS) chun a bhfuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a dhiúscairt. Is cineál amháin DWWTSs iad umair sheipteacha.
- Nuair nach ndéantar iad a dhearadh nó a oibriú mar is ceart d'fhéadfadh DWWTSanna ár dtoibreacha tí nó foinsí uisce a éilliú.
- Is féidir le huisce éillithe ó DWWTSanna pataiginí (baictéir/frídíní/frídí) agus ceimiceáin dhochracha a iompar a d'fhéadfadh tinneas tromchúiseach a bheith mar thoradh orthu nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chomhshaoil.
- D'fhéadfadh linnte fuíolluisce agus éilliú ithreach go háirithe thart ar umair sheipteacha a bheith baolach don tsláinte poiblí.

AITHNE A FHÁIL AR D'UMAR SEIPTEACH

D'UMAR SEIPTEACH A AIMSÍÚ

- De ghnáth bíonn DWWTSanna suite ar an maoin nó cóngarach dó agus áirítear leo córais amhail umair sheipteacha, gléasraí pacáistithe, aonaid chóireála threasacha agus láithreacha bainteacha diúscairthe nó ionsíothlúcháin.
- Chun d'umar seipteach a aimsiú, cuardaigh pleananna ar bith a d'fhéadfá a bheith agat maidir le do mhaoin. D'fhéadfadh d'údarás áitiúil cóip den na pleananna sin a bheith acu.
- Aimsigh an feadán seachadta fuíolluisce atá ag teacht amach as do theach.
- Scrúdaigh an láthair thart ar an teach chun iarracht a dhéanamh suíomh an umair agus an láthair shíothlaithe a mheas. D'fhéadfadh dúnphoil a bheith ar thaobh ionraon an umair sheiptigh, ag léiriú threoir agus shuíomh an chórais.

AITHNE A FHÁIL AR D'UMAR SEIPTEACH

- Bealaí eile chun do DWWTS a aimsiú ná tarchuradóir insruthlaithe, brathadóir miotail, nathair ghlanta pluiméireachta nó ceamara píobán a úsáid.
- Má tá a lán deisiúchán nó athchóiriú/forleathnú déanta ar do theach d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'umar seipteach a aimsiú. I roinnt cásanna d'fhéadfadh an córas a bheith suite faoi phaitiú, deic, póirse, cabhsán nó seid ach go hidéalach níor ceart dó a bheith clúdaithe.



CONAS A OIBRÍONN D'UMAR SEIPTEACH

- Glacann umair sheipteacha agus DWWTSanna eile fuíolluisce ó leithris, cithfholcadáin, doirtil, meaisíní níocháin agus miasnitéoirí.
- Ritheann fuíolluisce ón teach go dtí an chéad dúnpholl den umar. Téann solaid níos troime síos go bun, agus snámhann solaid níos éadroime amhail gréisc agus páipéar suas go barr, ag cruthú sraith screimhe.
- Ritheann eisilteach ón gcéad dúnpholl go dtí an dara ceann, áit a ndeighleann sé arís.
- Ritheann eisilteach atá cóireáilte i bpáirt isteach sa láthair shíothlaithe sa chás go ndáiltear é ar líonra píobán.
- Scagtar an t-eisilteach trí ghairbhéal agus ithir ansin chun an baictéir a bhaint as sula dtéann sé isteach sa screamhuisce.
- Cruthaíonn na solaid agus an screamh atá fágtha sloda agus caithfead é sin a bhaint as an umar ar bhonn rialta.

D'FHREAGRACHTAÍ

CLÁRÚ

- Ceanglaítear ar úinéirí DWWTSs de réir an dlí a gcórais a chlárú. Baineann sé sin le gach DWWTSs, ní humair sheipteacha amháin. Tá foirmeacha clárúcháin ar fáil ó d'údarás áitiúil, leabharlanna poiblí, ionaid faisnéise do shaoránaigh nó cláraigh ar líne ag www.protectourwater.ie.

OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL

- Is fútsa atá sé mar úinéir tí a chinntiú go bhfuil do chóras fuíolluisce deartha, tógtha, suiteáilte agus cothabháilte mar is cuí.
- Ná cuir gréisc, iomarca tuarthóra nó ceimiceán, bia, earraí aon uaire (m.sh. clúidíní) agus uisce fearthainne i do chóras.
- Déan an córas a sheirbhísiú agus a pumpáil amach ar bhonn rialta. Déan teagmháil le d'údarás áitiúil chun liosta conraitheoirí ceadaithe a fháil.
- Déan cinnte go bhfuil gach clúdach dúnphoil daingean.
- Coinnigh gach taifead um obair sheirbhísithe nó sloda a bhaint.

